4. Lár Bailte agus Ceantair Ard-Dlúis

Tá an chuid seo den Eolaí dírithe ar mheas a bheith ar bhaile-dhreach agus cur le sráid-dreach i gceantair uirbeacha an Chontae.

Úsáidtear an téarma Baile-dhreach le cur síos a dhéanamh ar bhaile, agus a chomhthéacs a aithint sa tírdhreach ina bhfuil an baile suite. Úsáidtear an téarma Baile-dhreach fosta le tagairt do láthair faoi leith i mbaile m.sh. mullach cnoic, cois cladaigh, an port, ceantar na hEaglaise.

Úsáidtear an téarma Sráid-dreach le comhthéacs agus comhdhéanamh foirgnimh i sráid faoi leith a aithint; tugtar san áireamh méid an tsuímh, scála, ábhar tógála, airde agus éadan foirgnimh

Beidh an Chomhairle i bhfách le tuilleadh staidéir ar mhaithe le gach baile-dhreach a chosaint trí fhorbairt a dhéanamh ar dheilbheolaíocht chuimsitheach d'áiteanna uirbeacha an Chontae. Lena chois sin, cuirfear bearta san áireamh sna Pleananna Ceantair Áitiúla a dhéanfas coimeád ar a bhféiniúlacht a bhuí, mar shampla, do Seicliostaí Oidhreachta, Ráitis Dearaidh Sráidbhailte agus Frámaíochtaí Dearaidh Uirbeacha.

4.1 Comhthéacs a Shocrú

Nuair atá foirgnimh úra a bpleanáil, ba cheart aird a thabhairt i gcónaí ar na foirgnimh atá ann cheana féin; siad na foirgnimh seo a leag síos bunchloch na mbailte agus a thugann carachtar sainiúil dóibh. Tá scáil de stair agus de thír eolas an bhaile le feiceáil ins na foirgnimh seo, a thugann éagsúlacht do bhaile ó bhailte eile sa Chontae nó sa tír.

De ghnáth, is sraith d'fhoirgnimh éagsúla a chítear i sráideanna na mbailte i nDún na nGall, gné a thugann cuma shainiúil do gach áit, mar atá le feiceáil sa ghrianghraf thíos.

Má déantar scrúdú mion ar na hábhair, ar an mhodh tógála, agus ar nósanna forbraíochta as ar baineadh úsáid i ndearadh foirgnimh thraidisiúnta, chífear gnéithe nach bhfuil coitianta de ghnáth, fiú sna bailte atá cóngarach. Ba cheart machnamh ar na modhanna céanna sin as ar baineadh úsáid cheana a úsáid arís, más féidir sin a dhéanamh, chun sainiúlacht áitiúil agus réigiúnach a choimeád, ach cúrsaí foirgníochta agus maoinithe curtha san áireamh.

4.2 Urraim don Chomhthéacs

Caithfear cur chuige coincheapúil a úsáid nuair atá forbairtí tógála i gceist, go háirithe nuair atá foirgnimh úra a dtógáil i gceantar ina bhfuil mórán foirgneamh aosta. De ghnáth, is sraith d' fhoirgnimh le héadain éagsúla atá le feiceáil i sráideanna i nDún na nGall, gné a thugann sainiúlacht don áit.

Ba cheart ábhair ar ardchaighdeán a úsáid i gcónaí; níor cheart úsáid a bhaint as PVC agus nó as soilse Neon. Coimeádfar sainiúlacht áitiúil agus réigiúnach, agus cinnteofar radharc suimiúil, má chuirtear ar ais gnéithe aitheanta réigiúnacha cosúil le héadain siopaí, dathanna, comharthaíocht, soilse agus a leithéidí.

Is féidir an comhthéacs stairiúil a dheimhniú trí scrúdú a dhéanamh ar:

- Líne na Tógála
  - Méid an tSuímh
  - Líne an Dín
  - Airde na Tógála

4.2.1 Líne na Tógála

Tugtar an Líne Tógála ar shuíomh éadain an fhoirgnimh ar thaobh na sráide. De ghnáth i nDún na nGall, is líne leanúnach an Líne Tógála, ach imíonn an líne anonn is anall beagán ó líne deimhnithe díreach go minic (féach Léaráid 1).

Tharla an stíl forbartha seo san am atá thart de thoradh tógála ar shuímh chúnga cois na sráide. Cruthaíonn an modh seo tógála taitneamhacht radhairc, cuireann sé mothú pléisiúrtha imfhálaithe chun tosaigh agus cuireann sé go suntasacha le tarraingteacht agus le carachtar na mbailte i nDún na nGall.

Tá sé tábhachtach go bhfuil an stíl forbraíochta seo le tabhairt faoi deara i ndearadh úr nuair atá foirgnimh poiblí tarraingteacha á gcruthú, mar go ndeimhneoidh suímh na bhfoirgnimh an spás idir shráideanna agus coimeádfar an mothú imfhálaithe. Níor cheart forbairt úr a thógáil siar ón Líne Tógála atá deimhnithe. (Léaráid 2).
I Léaráid 3, nascadh suímh a bhí taobh le chéile nuair a leagadh na seanfhoirgnimh, agus tógadh as an úr, rud a thugann líne tógála díreach daingean. Loiteann seo an carachtar agus ní chuireann sé leis an sráid-dreach.



1.



2.



3.

Beidh an treoir thíos i bhfeidhm don líne tógála ar fhorbairt úr

- Coimeádfar le Línte Tógála mar atá, más ann iad.

- Cruthófar Línte Tógála úra oiriúnacha sa chás nach bhfuil siad ann cheana féin.

D'fhéadfaí glacadh le cúlú siar ó Línte Tógála atá ann, sna cásanna seo a leanas -

- Chun foirgnimh thábhachtacha poiblí a dhéanamh níos feiceálaí agus níos fusa a aithint mar atá i Léaráid 4.
- Nuair is féidir a thaispeáint go gcuirfidh dearadh nuálaíoch le tarraingteacht na sráide agus an bhaile.
- Nuair atá spás poiblí dea-dheartha agus sábháilte á chur ar fáil.



4.

4.2.2 Méid an tSuímh

Go traidisiúnta, siad suímh fhada chúnga a bhí i nDún na nGall, rud atá le feiceáil san éadan cúng atá ar fhoirgnimh atá ceangailte le chéile mar líne tógála leanúnach cois na sráide (Léaráid 5). Mar thoradh ar na suímh cúnga, tógadh foirgnimh ilstóracha, le spás breise a fháil.

Sna foirgnimh cúnga seo, bhí na siopaí agus seomraí stórála ar an íochtar, de ghnáth, agus teaghlach an úinéara ar na hurláir thuas.

Chinntigh méid na suíomh agus a gcúngacht cá raibh an Líne Tógála, agus go minic, bhí dathanna agus ábhair éagsúla á n-úsáid. Chuir seo leis an tarraingteacht agus le carachtar na sráide.

Sa lá inniu, tugann foirgneamh ilstórach den chineál seo deis sármhaith d'fhorbairt mheasctha le siopaí, clinicí, bialanna agus beáir ar íochtar, agus oifigí, árasáin nó tithe cathracha ar na hurláir thuas. Cinntíonn forbairtí measctha mar seo, seachas ceantair gnó amháin, go bhfuil beocht i lár an bhaile san oíche.

Tá seans níos mó go mbeidh radharc ag áitritheoirí ar shráideanna agus ar áiteanna poiblí, más forbairtí measctha atá i mbaile; cuireann seo le sábháilteacht agus laghdaítear maistíneacht agus iompar neamhshóisialta. Tugtar deis do dhaoine cónaí in aice a gcuid oibre, agus siúl chuig ionaid sheirbhísí agus chuig áiseanna, agus mar sin, bíonn laghdú ar úsáid charranna

5.



Beidh an treoir thíos i bhfeidhm do mhéid an tsuímh i bhforbairt úr

- Tabharfaidh forbairtí úra aird ar mhéid chúng na suíomh go traidisiúnta. Is féidir é seo a dhéanamh le briseadh a chur san líne éadain, líne an dín, agus i líne na tógála. Tá úsáid bainte as dath, líne dín briste, agus fuinneoga ceartingearacha le hurraim a thabhairt do mhéid suímh, mar atá le feiceáil sa ghrianghraf thíos.

- Má tá sé riachtanach go gcuirfí suímh le chéile ar mhaithe le forbairtí úra, b'fhearr éadan cúng a bheith ar thaobh na sráide, agus an talamh taobh thiar a bheith nasctha le chéile chun méadú a chur le foirgnimh, carrchlós agus eile.

- Má tá forbairt úr ag iarraidh leathnú amach chuig níos mó ná suíomh amháin traidisiúnta, beidh éagsúlacht in éadan an fhoirgnimh, ag léiriú méid na suíomh go stairiúil.

Tá foirgnimh móra a bhfuil níos mó riachtanas spáis agus fairsinge de dhíth orthu, macasamhail ollmhargaí agus ionaid siopadóireachta, níos oiriúnaí i gceantair in a bhfuil suímh ar scála níos mó ar fáil.

- Is féidir gnéithe a thaispeánann cúngacht suímh a tharraingt isteach i ndearadh foirgnimh mhóra. Beidh dearadh mar seo á chothú ar mhaithe le héagsúlacht agus leis an radharc inspéise a chruthaítear.

- Beidh moltaí cuimsitheacha tírdhreacha, le plandáil crann cois bóthar léirithe, riachtanach le gach iarratas pleanála.

Caithfear clár ama iomlán d'iompair amach scéim thírdhreacha a bheith curtha isteach le gach iarratas pleanála.

4.2.3 Líne an Dín

Sé Líne an Dín ná an líne atá cruthaithe nuair a ghlactar airde na gcíor mullaigh foirgnimh uile le chéile. Tá tionchar ag an líne sin ar spéirlíne an bhaile, agus mar sin ar an bhaile-dhreach.

Go traidisiúnta, i mbailte Dhún na nGall, bhí na díonta beannach, crochta go géar, le sclátaí, agus iad céimneach, ar airde éagsúil dá mbeadh duine ag amharc síos suas na sráide, agus le simléir bhreátha le neart potaí. Chuir seo go mór leis an charachtar.

Beidh an Treoir seo a leanas i bhfeidhm don chineál dín

- Caithfear ábhair a roghnú atá ag teacht leis na díonta atá ann, nó in aice láimhe.
- Beidh seomraí trealaimh meicniúla suite taobh istigh den fhoirgneamh, ionas nach mbeidh aon chur isteach ar líne an dín.
- Beidh na díonta cothrom nua-aimseartha ar fhoirgnimh fhada athraithe le haonfhoirmeacht agus le hionannas a sheachaint agus le carachtar agus suim a chothú. D'fhéadfaí seo a dhéanamh tríd líne dín traidisiúnta céimneach a úsáid.
- Mar mhalairt, is féidir Líne an Dín a chéimniú ag pointí áirithe, ag bráth ar éadan na bhfoirgnimh, mar sampla, ag coirnéil nó i lár sráide, chun pointí tagartha sonracha a chruthú.

D'fhéadfaí an deis a ghlacadh an spás ar dhíonta fhoirgnimh úra a úsáid mar spásanna oscailte nó mar ghairdíní.

4.2.4 Airde na Tógála

Deimhníonn an airde cad é chomh feiceálach is atá foirgneamh ar an tsráid, agus tig leis cur isteach ar an sráid-dreach mura bhfuil sé oiriúnach. Go traidisiúnta, ba iad foirgnimh thábhachtacha mar Eaglaisí a bhí le feiceáil ar spéirlíne na mbailte i nDún na nGall. Cé go raibh airde na bhfoirgneamh éagsúil, bhí cothromaíocht coinnithe, na díonta ag coinneáil gar dá chéile ó thaobh airde.

Beidh an Treoir seo a leanas i bhfeidhm d'airde foirgnimh

- Coinneofar leis an réim líon stóir agus airde tógála atá ann cheana féin.
- Mar riail ginearálta, ní bheidh airde foirgnimh úra níos mó ná stór go leith níos airde ná foirgnimh atá ann cheana féin.
- Fáilteofar roimh chruthú fhoirgnimh shuntasacha, mar shampla ag coirnéil, le díonta níos airde.
- Beidh ar fhoirgnimh úra aon chur isteach ar an sráid-dreach a sheachaint, agus gan an spéirlíne a bhriseadh, gan a bheith i bhfad os cionn foirgnimh thábhachtacha stairiúla, agus gan tionchar olc ar bith a bheith acu ar Cheantair Chaomhnaithe, Foirgnimh Chaomhnaithe, Bailte Stairiúla agus ar Chriosanna ina bhfuil Acmhainneacht Seandálaíochta.
- Caithfear a bheith cúramach nach gcuireann foirgnimh úra isteach ar fhoirgnimh atá ann, tríd scáil a chaitheamh orthu, nó a bheith ag amharc anuas orthu.

Is fiú a thabhairt faoi deara gur spriocphointí suímh ag coirnéil, a thugann deis airde agus ísliú ar an díon, agus a bhfuil tionchar aige sin ar scála iomlán na sráide, má déantar i gceart é (Léaráid 6). Is féidir le foirgnimh ar choirnéil cur leis an radharc, ach beidh béim níos láidre ar an chaighdeán dearaidh agus ailtireachta. Is féidir le réim na bhfuinneog éadan an fhoirgnimh a athrú, agus cur leis an charachtar. Baineadh úsáid as fuinneoga arda caol ar fhoirgnimh thraidisiúnta, agus d'aontaigh seo leis na suímh chúnga. Ba cheart do na fuinneoga nua-aimseartha bheith ag dul leis an chineál atá ann cheana, ach ní gá go mbeadh siad mar an gcéanna go hiomlán.

Má bhaintear úsáid as ábhair ar ardchaighdeán, agus tréithe sainiúla réigiúnacha a athchruthú, mar shampla, éadain siopaí, dathanna, comharthaíocht, soilse agus eile, cinnteofar tarraingteacht fheiceálach agus coimeádfar sainiúlacht áitiúil agus réigiúnach



6.